

Obair bhaile dúinne a n'obair bhaile a dhéanamh torthúil.

I láthair na huairé tá sprioc ag na daltaí seo le baint amach. Ach nuair atá na scrúdaíthe críochnaithe acu agus iad réidh le aghaidh a thabhairt ar an saol mór, ar bhfiú an staidéar agus an obair ar fad? An mbeidh deis acu an t-eolas agus a gcumas a chur chun tairbhe? Go tráthúil, féadfaidh Udarás na Gaeltachta an deis sin a sholáthair agus imhsaol a chruthú ina mbeidh siad in ann páirt fhiúntach a ghlacadh i saol tráchtála agus sóisialta na Gaeltachta.

Tri na Gaeltachtaí i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí a chur go hionsaitheach i láthair tionscloiri sa mbaile agus thar lear, tá ag éirí le Udarás na Gaeltachta fostaíocht a chinntiú sna blianta atá

romhainn - agus ciallaíonn fostaíocht - ní hamháin sli-bheatha - ach pobal beo agus cultúr beo.

Trin a obair bhaile a dhéanamh, d'éirigh leis an Udarás deiseanna a aithint, conarthaí a phlé ag na leibhéil ab'airde agus griosaithe fiúntacha a thairiscint do na tionscail chearta. An toradh ar sin ná réidh-ghluaiseacht i dtreo sprioc an Udarás - lan-fhostaíocht sna ceantair Gaeltachta, le fostaíocht lanaimseartha do 4,560 duine bainte amach cheana fein.

Mar sin nuair a chuireann daltaí na Gaeltachta a gcóip-leabhair agus a bpinn i leataobh don oíche, tig leo codladh go sámh: tá daoine eile i mbun a n-obair bhaile.

Breis eolais ar fáil ó: Udarás na Gaeltachta,
Na Forbacha, Gaillimh.
Fón: (091) 21011. Telex: 8359.



**Udarás
na Gaeltachta**

Ag obair ar son
na Gaeltachta




Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Fón: (091) 73125

féile an dóilín



AN CHEATHRÚ RUA,



31 Iúil - 3 Lúnasa

CLÁR OIFIGIÚIL 50p

FOCAL ÓN gCOISTE

An Cheathrú Rua,
Conamara,
Lúnasa '81.

A Chara,

Do chéad fáilte chuig Féile an Dóilín. Seo é an séú Féile an Dóilín as a chéile agus mar a fheicfidh tú, tá muid ag dul i dtreise leis na blianta. Tá curtha go mór leis na duaiseanna agus leis na comórtais i mbliana. Níl uainn ach spóirt agus caitheamh aimsire a chuir ar fáil agus cothrom na féinne a thabhairt do chuile dhuine.

Míle buíochas ó chroí do chuile dhuine a thug aon chabhair dhúinn — go mba fada buan sibh. Go dtuga Dia slán ón ngábh chuile iomathóir, agus go neartaigh sé bhur láimh i mbun na gcomórtais.

Mar fhocal scoir ná déan dearmad ar an seoladh go hÁrainn an deireadh seachtaine seo chugainn, 8ú-9ú Lúnasa. Ar mhaithe le Páistí Mí-chumas Meabhrach agus Cumann Cathaoir Rothaí na hÉireann atá an seoladh seo.

Agus ina dhiaidh sin uilig níl le guidhe againn ach deá aimsir.

Coiste Fhéile an Dóilín, '81.

An Clúdach:

Sí "An Capall", bád Johnny Bailey a bhuaigh geall na mBáid Mhóra ag Féile an Dóilín '81. (Pictiúr: Dick Scott)



Seo Céibh Ros a' Mhíl 1961. Taobh amuigh tá "an Mount", "An Capall" i lár agus an "Tonai" le balla. Sé Micheál Ó Briain as Cladhnach, go ndéana Dia grásta air agus Pádraig Ó Ceallaigh as Muiceanach an dá bhádóir sa bpictiúr. Tabhair faoi deara an bealach atá á réiteach le fear a chur sa grann le haghaidh láinéar a athrú. (Pictiúr: Dick Scott.)

Comgbáirdeachas

ó

GARÁISTE MHÁIRTÍN BÁN

Casla

Díolachán carranna nua agus athlámhe

Fón: 72169

Oibair deisiúcháin Hy-mac ar cíos

Clocha, Gairbhéal agus Gairbhéal

Gach deá ghuí don Fhéile

ó

Óstán Cheathrú Rua



Óstán Cheathrú Rua
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe.

Grúpa Óstlanna Gaeltarra

Guthán 75116

ÓSTÁN DE CHUID ÓSTÁIN NA HÉIREANN



Telex 28871

URRAITHE NA FÉILE:

Údarás na Gaeltachta
Raidió na Gaeltachta
Óstán an Cheathrú Rua
Guinness
Banc na hÉireann
Banc Aontas Éireann
Clada Mineral Co.
Réalt na Maidne

CUPÁIN

Sinsir: Peadar Ó Sé
Sóisir: Réalt na Maidne
Rogha Curach: Óstán an Cheathrú Rua
Fear & beirt bhan: Corn Cuimhneachán Thomás Breathnach.
Báid mhóra: Údarás na Gaeltachta
Leathbháid: Corn Cuimhneachán Thomás Breathnach
Gleoitogaí: Clada Minerals
Gleoitogaí móra: Coiste
Curachaí Adhmaid: Richard Quinn
Currachaí Adhmaid 3 sheas: Peadar Ó Sé.
Iascaireacht farraige: Coiste
Báid innill: Coiste
Tarraingt Téide: Coiste
Peil: Údarás na Gaeltachta
7 a taobh: Réalt na Maidne
Caitheamh Cruithe: Tí Fhlatharta, Doire Né.
7 a taobh mná: Coiste
Curachaí adhmaid 3 rásaí: Connacht Minerals
Rása Bóthair: Tomás Ó Cartúir.



Phlé Máirtín Tom Ó Flatharta, go ndéana Dia grásta air, as An Ross, an Cheathrú Rua, páirt mhór le roinnt mhaith báid a bheith sa gcruth sláintiúil a bhfuil siad inniu. (Pictiúir: Éamonn de Builéar).



Gleoiteog Pheadar Lamb, "An Chailleach Dhubh" a bhuaigh geall na ngleoiteoga beaga arís ag Féile an Dóilín anuraidh.



An Mhaighdean Mhara, bád Johnny Jimmy Mac Donncha ag coinneáil chun cinn ar an Morning Star, bád John Healion. (Pictiúir: Dick Scott).

BUAITEOIRÍ FHÉILE AN DÓILÍN 1980.

Iascaireacht Farrage: Seán Ó Flatharta, Béal an Daingin.

Rása báid innill: Peadar Ó Flatharta & Pádraic Ó Cualáin, Doire Fhearta.

Rása Gleoiteogaí Beaga: Peadar Lamb. An bád "An Chailleach Dhubh".

Cluiche Peile: Naomh Ciarán.

Rása barra: Seán Mac Donnchadha & Tomás Ó Catháin.

Geallta báid mhóra: Seán Ó Báille. An bád "An Capall".

Geallta leath-bháid: C.W. Saunders, An bád "An Hunter".

Geallta gleoiteogaí móra: Seán Ó Beirn. An bád "Naomh Anna".

Rásaí currachaí adhmaid 3 sheas oibre: Proinsias Ó Catháin, Mícheál Ó Lúpáin, Pádraic Ó Súilleabháin.

Rásaí currachaí adhmaid 3 sheas rásaí: Seán Ó hEanaí, Pádraic Seoighe, Mícheál Ó Domhnaill.

Rása currachaí adhmaid 2 sheas oibre: Peadar Ó Flatharta, Seosamh Ó Maoildhia.

Rása rogha curach: Colm Ó Cualáin, Mícheál Ó Cualáin, Máirtín Ó Catháin.

Rása currachaí soisir: Colm Ó Cualáin, Maitias Bairéad, Mícheál Ó Flatharta.

Rása curach fear & bean: Seosamh & Treasa Ní Mhaoildhia.

Comórtas peile seachtar a' taobh: Na Breathnaigh.


Comórtas caitheamh cruith: An Spidéal.

Comórtas caitheamh meáchain 56p: Beartla Breathnach.

Comórtas tarraingt téide: Doire Inbhear.




An tráchttaire, Mícheál Ó Flatharta, ag Féile an Dóilín 1980.



Cathaoirleach na Féile, Seosamh Ó Loideáin, bail ó Dhia air, á réiteach fhéin le haghaidh a thabhairt ar na maidhmeanna móra, gan fuacht gan fáitíos!

AN CHISTIN



An Cheathrú Rua

Fón: (091) 75151

Gach deá-ghuí do Fhéile an Dóilín

PEADAR & TRÍONA NÍ SHÉ

Gach deá ghúí don Fhéile

Micí Ó Flatharta

AN CHEATHRÚ RUA

Grósaer, Trádálaí agus Búistéir

Fón: (091) 75110

Gach deá ghúí don Fhéile

6




Phádraig Ó Ceallaigh

AN CHEATHRÚ RUA

Ollmhargadh



MISIÚN AN ATHAR SEÁN Ó MÁILLE GO HUDDERSFIELD 1956 – 1968



Bhí sé d'onóir agam aithne a chur ar an Athair Seán Doimíníc Ó Máille, Séiplíneach Thír an Fhia ó 1948 go dtí 1955 agus a bheith ar dhuine dá chairde. Ba mhór an cion a bhí aige ar a phobal agus bhí aghaidh a phobail air. Is iomaí sin bean rialta as na hoileáin thiar atá faoi chomaoín aige, mar nach mbeidís ina mná rialta go brách marach é! I gClárach Uí Fáilghe nó i mBaile an Mhóta nó i Sasana dóibh táim ag guí nach ndéanann siadsan dearmad air. Cuid den linn beag buachaillí as an gceantar atá ina sagairt anois is de bharr spéis an Athair Seán iontu a d'éirigh leo a ngrád a bhaint amach. Rinne sé a dhícheall cabhrú lena phobal ar a lán bealaigh — 'sé a bhailigh cuid mhaith den airgead le halla Thír an Fhia a dhéanamh agus cé'r fhágadh tú siorcanna a ndearna sé iarracht tionscal ola a bhunadh ar a marbh? Ach is mó a thuigtear i mbaile mór Huddersfield ná in áit ar bith eile an cion a bhí ag an Athair Seán, Grást ó Dhia air, ar mhuintir na nOileán agus an toradh a bhí agus atá fós ar an gcion sin.

Is é an tAthair Seán a bhunaigh an Misiún go Huddersfield, le cead an Ard Easpag Breathnach, sa bhliain 1955. Thuig sé go bhfeilfeadh sagart le Gaeilge dá phobal líonmhar ins an mbaile mór sin — lena gcuid faoistiní a éisteacht, le seanamóireacht a dhéanamh dóibh agus le cuairt a thabhairt orthu go rialta. Bhí sagart paróiste thall freisin ins an mbaile mór sin. Tháinig an bheirt acu le chéile abhus agus thall, agus bheartaigh iarraidh ar Ardeaspag Thuama sagart le Gaeilge a chur chucu. Bheartaigh siad misiún a chur chucu. Bheartaigh siad misiún a chur ar siúl i dTeach Pobail Naoimh Pádraic i Mí na Márta 1955. 'Siad an tAthair Stiofán Ó Conghaile agus an tAthair Dáithí Ó hEarcha a chuaigh i mbun an mhisiúin sin. D'fhógair páipéir nuaíochta na hÉireann gur fhreastail na céadta ar an misiún Gaeilge sin. Maith is cuimhneach liom scíth a ghlacadh ón múinteoireacht i dTuaim le cuairt a thabhairt ar Huddersfield i lár an tSamhraidh 1955 le castáil le

Gach dea ghuí don Fhéile
ó



Ostán an Doilín



Bíodh deoch agat nó béile ar do bhealach ann nó ar do bhealach as go compoirteach.

Fón 75169

Gach deá ghuí don Fhéile

TOMÁS BREATHNACH TEO. AN CHEATHRÚ RUA



Grósaer Ginearálta agus Búistéar

Calor Gas

Gach cineál earra ar fáil

Guthán (091) 72114.

pobal Chonamara agus leis na sagairt i Huddersfield. 'Sé an Canónach Grógan a chuir fios ar Dharach Ó Flaithearta as an Trá Bháin le h-inseacht dom cé chomh maith a d'éirigh leis an misiún. B'íonadh liom cé chomh maith agus chuimhnigh seisean ar sheanmóirí an Athar Stiofán – focal ar fhocal! Níor casadh dhom ariamh fear ab fhearr cuimhne ná é, fiú amháin agus Mícheál Phaidí as an Lochán Beag 'san iomaíocht! Is trua liom anois nár thug mé téip – thaifeadán liom leis na seanmóirí sin a chur ar théip ar mhaithe linn go léir. Bhí spéis ag Easpag na Gaillimhe 'san scéal freisin mar chuir sé sagart dá chuid, an tAthair Colm Ó Faoláin (atá ina shagart pobail i Leitir Móir faoi láthair), go Huddersfield i 1956 ag siúl na talúna féachaint ar theastaigh sagart le Gaeilge go buan ó phobal Chonamara thall. Ní fios dhom cén scéala a thug seisean abhaile chuig a easpag. Ar aon nós, sul má chríochnaigh sé a sheal míosa i Huddersfield bhí an tAthair Seosamh Scott curtha anonn ag Ardeaspag Thuama le freastal ar a thréad agus ar thréad Easpaig na Gaillimhe i Huddersfield. Ceithre bliana a chaith an tAthair Seosamh i mbun a chúraim agus is mór a chuaigh sé i gcion ar a phobal thall i rith an achair sin, beannacht Dé lena anam dílis!

I 1960 a chuaigh an tAthair Seán de Bláca anonn le leanach leis an obair a bhí ar bun ag an Athair Seosamh Scott. Níorbh aon stráinséir le muintir na n-oileán é, tharla gurb é a chuir an Halla nua i dtír an Fhia ar fáil dóibh agus a chuir caoi ar Theach Phobail Leitir Mealláin. Rinne sé an-obair i Huddersfield in imeacht an dá bhliain a chaith sé ann agus bhí an-chumha ar phobal Chonamara thall ina dhiaidh. Stráinséir ceart a rinne iarracht a áitsean a líonadh ins an mbliana 1962 – sloinne stráinséara air – Lang. Nuair a chuala pobal Chonamara thall an sloinne sin chuimhnigh siad ar an tógálaí tithe Albanach den tsloinne céanna a mbíodh sé ráite faoi: "If you work for Laing you won't long". Níor oibrigh mise i meas phobail Chonamar ariamh go dtí sin ach chaith mé laetheanta saoire ina measc go minic i mBearn, ins an Spidéal agus ins an Lochán Beag, i mo mhac léinn dom, im' chónaí i gcampa mar is dual do mhuintir Mhaigh Eo! Im' mhúinteoir dhom, ba mhinic ar laethanta saoire mé ar an gCeathrún Ruadh agus in Oileáin Árann. Ach níor chuir mé aithne cheart ar phobal Chonamara ariamh nó gur oibrigh mé ina measc i Huddersfield ó 1962 go 1964. B'shin iad an dá bhliain ba thaitneamhaí dár chaith mé fós. Thug mé gean mo chroí do'n phobal sin thall thar aon phobal dár oibrigh mé ariamh ina measc – a chomhartha sin a mhinicí a chaithim mo laetheanta saoire ina measc fós féin. Tá áthas orm bheith ag obair anois i meas a muintir ins an mbaile mar a bhfeicim go minic iad ar a gcuairt bhliantúil, gan trácht ar an méid acu atá casta abhaile ó shin le socrú síos ina n-áit dhúchais agus iad ina ngárda chosanta ag sagart an tsloinne Albanaigh! 'Sé an ceathrú sagart a chuaigh anonn ag freastal ar phobal Chonamara i Huddersfield an tAthair Séamas Mac Artúir, Maigh Eoch a bhí gaolmhar le Mícheál Dáibhéid, an fear cáiliúil úd a chabhraigh le muintir Chonamara agus muintir na hÉireann fré chéile le greim na dtiarnaí talún a scaoileadh

agus greim a fháil ar a gcuid féin arís. Bhí seal blianta caite ag an Athair Séamus i gCarna. Mar sin, bhí aithne aige roimh-ré ar chuid dá phobal i Huddersfield. Ceithre bliana a chaith seisean ina measc agus ba mhór a thaithnigh sé leo. Bíonn siad ghá fhiafraí i gcónaí ó d'imigh sé uathu ins an mbliain 1968 le filleadh ar a dheoise féin i dTuaim.

Marach an tAthair Seán Doimnic Ó Máille, as Cill Míona i gContae Mhaigh Eo, a chaith seal dá shaol in Inis Oirthir, Árainn, ar an gCoill Mhóir, ins an Líonán agus i dTír an Fhia ní móide go gcuirfinn oiread aithne ar mhuintir Chonamara agus chuir, nó go mbeinn im' shagart pobail ar pharáiste an Chillín agus Garumna, an pobal dár thug sé grá a chroí. Theaspáin siadsan a gcion air, agus é imithe uathu go dtí An Líonán i 1955, nuair a chuaigh na céadta acu chuig na Rástaí Currach a d'eagraigh sé san Líonán an bhliain sin – “Craobh an Domhain” a thug sé ar an geomórtas sin! Ná dearmadadh pobail Chonamara go deo é, cuma cén sagart a thiocfas nó céard a dhéanfas sé dóibh. Beannacht Dé le h-anam an tSagairt ÓMáille a d'oibrigh go dúthrachtach dá phobal.

Má tá cuid bheag den fhailí a rinneadh ann le fada curtha ar ceal agam leis an alt seo táim sásta.

Máirtín Ó Lainn, Sagart Pobail an Chillín agus Garumna

An tAthair Seán D. Ó Máille B.A.

Rugadh i 1910.

Fuair bás 4/12/1966

I dTír an Fhia 1948-1954


Gach deá ghuí don Fbéile

ó

**GARÁISTE GERAGHTY
AN CHEATHRÚ RUA**

Togha seirbhís ar fáil

Fón: (091) 75114



Thóg Dick Scott an pictiúr seo don “Fancy” i gCaladh Thaidhg 1961. Bhí an bád seo ag muintir Uí Mháille as Doire Fhearta ach tá sí anois san Ulster Museum i mBéal Feirste.



Ag caitheamh na gcrúithe: Séamus Ó Loideáin agus Tomás Ó Cartúir.

TÁ CÚIS MHAITH LEIS AN TURAS GO hÁRAINN

Deirtear linn gur mar gheall gur ith Ádhamh agus Éabha an t-úll i nGáirdín Phárthais atá macasamhail an toradh sin le tabhairt faoi deara i bpíobáin daoine ó shoin.

Ní bhfuair muid aon léargas ariamh ar cén fáth a dtagann páistí isteach sa saol agus gan cois ná lámh ar chuid acu. Nuair a hiarradh orm rud eicint a scríobh do leabhar an Dóilín smaoinaíos go dteastaíonn níos mó ná peann uait le sin a dhéanamh. Marach gur bhronn Dia amharc na súl agus spreac na lámh orm ní fhéadfainn tabhairt faoi.

Scéal eile é chomh suarach is atá mé in ann é a dhéanamh ar aon nós.

Is minic a chuimhnigh mé ar an méid a bheadh le fulaingt ag an té a bhaineann liom dhá dtagainn ar an saol agus mé bodhar, dall, gan cois ná lámh orm. Féach chomh minic is a bhíonn a gcroí briste agam mar atá mé.

Cuimhním scaití gan an t-anam a chur san áireamh, gur chruthaigh Dia, moladh go deo leis, cuid de na daoine i bhfad níos suaraí ná beithigh na talún nó éanachaí an aeir. Tuige? Tá súil agam nach bhfuil tú féin chomh suarach is go mbeifeá ag súil le freagra uaimse.

Tuigim méáchan na croise nuair a deirtear le máthair go mbeidh marach lena shaol ar a páiste.

Samhlaidh an briseadh croí nuair a fhágann sí an t-ospidéal ag tabhairt a h-aghaidh abhaile agus gan aici ach colainn óg gan cois ná lámh. Ach mar gheall ar ghrá máthar dá páiste, fós féin bíonn cion aici ar an gcorp beag a bhfuil cuid thábhachtach dhó ar iarraidh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé a bheidh bodhar, gan radharc na súl a bheith aige, agus gan aon fhorbairt nó méadú a theacht ar a cholainn go deo.

Nach úfásach an fhulaingt a bhaineann le gasúr a bhfuil fhios ad faoi nach labhróidh sé go bráth leat, nach bhfeicfidh sé lena ló cén dath a bhí ar naprún a mháthar, agus cé go bhfuil an aimsir ag sciorradh thart fanann sé sa gcruith chéanna leis an lá ar rugadh é.

Bíonn tú ag cuimhniú dá mairfeadh sé céad bliain d'aois, go ndéanfaidh an saghas céanna conradh beagnach is a dhéanfaidh dá gcaillfí é in aois a aon lae.

Is bocht an rud a theacht ar an saol i do pháiste agus fanacht i do pháiste go dtí go n-imíonn tú as, más luath nó mall é. Caitheann tú do thréimhse a chaitheamh mar phríosúnach ar do theallach féin.

Ní hé amháin go gcaithfear do leabha a chóiriú, ach caithfear thú a chrochadh isteach is amach inti. Caithfear an greim a itheann tú a chur ag do bhéal le spúnóig. Níl tú inann ní ar bith beo a dhéanamh dhuit féin.

Mara mbíonn aon locht ar an intinn bíonn neart ama agat le cuimhniú ort féin – an iomarca.

Níl sé i bhfad ó shoin ó d'fhiafraigh mé do bhuachaill sé bliana déag d'aois a bhí i gcathaoir rothaí cén t-údar gáirí a bhí aige? “Nuair is mó a bhím ag gáirí,” ar seisean, “is ag brionglóidí a bhím.” Agus céard a bhíonn sa mbrionglóid a deirimse? “Is dóigh gurbh é Dia a bhíonn ag rá liom gurbh aoibhinn dom agus an chaoi ar fhág Sé mé. De bhrí go bhfuil an méid sin easpa ar mo cholainn is féidir liom dearmad a dhéanamh ar chuid mhaith de na Deich nAitheanta. Os rud é nach bhfuil mo choisíocht agam tá go leor peacaí nach féidir liom a dhéanamh.” Bhí údar smaoinemh agam.

Bhí an t-am ann agus níl sé i bhfad ó shoin ó bhíodh ar an athair agus an mháthair freastal ar a bpáiste lag-intinneach go síoraí seasta. Bhídís ag iarraidh a mac sa gcathaoir rothaí a lámhseáil lá agus oíche. Ach is eol dúinn go dteastaíonn cúram breise go minic uathu siúd a bhfuil éalain orthu. Go h-iondúil ní féidir é seo a dhéanamh ag baile.

Cé gur minic a chuala muid na focail Handicapped agus Wheelchair níor bhac muid mórán leis an gcéasadh a bhí taobh thiar den dá fhocal sin. Mar gheall ar chríostaíocht an té atá folláin agus an chabhair a thugann siad, tá a bheagán nó a mhórán athrú ar chúrsaí inniu. Tá Coistí agus Eagraíochtaí sa nGaeltacht seo féin ag déanamh an-obair ar son na ndaoine nach bhfuil inann cabhrú leo féin. Agus le cúnamh Dé níl siad ach a' tosaí.

An deire seachtaine seo chugainn 8ú, 9ú tá Coiste Fhéile an Dóilín anseo sa gCeathrú Rua ag eagrú turas go Cill Rónáin in Árainn le cúpla punt eile a bhailiú. Is cuimhin libh cúpla bliain ó shoin go ndeacha scata fir óga ón gceantar ag iomradh go hÁrainn ar shon na cúise céanna. Rinne siad an turas sin i gcurrachaí canbháis.

Siad na báid mhóra agus na báid bheaga a dhéanfas an gaisce i mbliana. Tar éis duit do choinsias féin a scrúdú tá súil agam go mbeidh tú fial flaithiúil ionas go mbaileófar na mílte punt. Roinnfear an t-airgead idir Coiste na bPáistí Lag-Intinneach agus Cumann Cathaoir Rothaí na hÉireann.

Ná bac le fiafraí an babhta seo céard atá ag tarlú don airgead ar fad a bhailítear. Ba mhór a bheadh le freagairt ag duine ar bith a chuirfeadh aon phinghin de ina phóca féin. Teastaíonn sé ró-ghár le cabhrú le díriúcháí Dé. Mar sin bí buíoch go bhfuil lámh ort le cur i do phóca chun an punt sin a thabhairt. Is deis é seo atá tú a fháil chun buíochas a ghlacadh le Dia go bhfuil do choisíocht ad féin le ghoil chomh fada leis an Dóilín an deire seachtaine seo, agus níor fearr fós gur thug Sé amharc na súl dhuit leis na currachaí agus báid a fheiceáil ag coimhlint lena chéile i gCuan an Fhir Mhóir.

Má thugann tú mar is acmhainn dhuit, nach bhfuil fhios agat go maith go mbeidh a luach-saothair le fáil dúbailte ad ón Té sin a chruthaigh ar fad muid.

Seán Ó Conghaile

CLÁR IMEACHTAÍ

Dé hAoine, 31ú Iúil:

- 7.00 Aifreann ag Trá an Dóilín.
- 7.30 Rása bóthair cos (dúnta) duaiseanna: cupán agus plaiceanna.
- 9.00 Oscailt Oifigiúil in Óstán Cheathrú Rua. An tAth. Máirtín Ó Lainn, S.P.
- 9.30 Taispeántas stiallscannáin ó Dick Scott ar stair sheanbháid Chonamara. Ionad: Óstán Cheathrú Rua.
- 11.00 Damhsa agus bronnadh duaiseanna an lae i Halla Éinne.

Dé Sathairn, 1ú Lúnasa:

- 11.00 Comórtas iascaireacht farraige ó **Chaladh Thaidhg**.
- 1.00 Meáchan an éisc ar an gcéibh. Duaiseanna: Corn + £50 + 4 phlaic, £35, £25. Duais £5 + plaic don bhreac is mó.
- 1.15 Rása báid innill faoi 8 n-each chumhacht. Duaiseanna: Corn + £20 + 2 phlaic, £10.
- 3.00 **Ó Chaladh Thaidhg**: geallta gleoiteogaí faoi 23 tr. Duaiseanna: Corn + £120 + 3 phlaic, £60 + 3 phlaic, £40 + 3 phlaic. £25 costaisí do chuile bhád a chríochnaíonn an cúrsa.
- 3.00 **Ó Chaladh Thaidhg**: geallta gleoiteogaí móra os cionn 23 tr. Duaiseanna: Corn + £120 + 3 phlaic; £60 + 3 phlaic, £40 + 3 phlaic. £25 costaisí do chuile bhád a chríochnaíonn an cúrsa.
- 5.00 **Ó Thrá an Dóilín**: Rása curachaí rásaí 3 sheas adhmaid. Duaiseanna: Corn + £60 + 3 phlaic, £30, £20.
- 5.30 Rása rogha curach faoi 25 tr. Duaiseanna: Corn + £150 + 3 phlaic, £75, £30.
- 8.00 Rása barra ó **Halla Éinne**. Duaiseanna: £15 + plaic an duine, £10 an duine, £5 an duine.
- 11.00 Damhsa agus bronnadh duaiseanna an lae.

Dé Domhnaigh, 2ú Lúnasa 1981:

- 11.00 Aifreann Ceiliúrtha na Féile i dTeach Pobail Mhac Dara. Beidh an tAifreann á chraoladh ar Radió na Gaeltachta.
- 2.00 **Ionad: Trá an Dóilín**. Aeraíocht.
- 2.00 Rása curachaí adhmaid oibre (dhá sheas agus trí sheas) Duaiseanna: Corn + £60 + 2 no 3 phlaic, £30, £20. (Na duaiseanna céanna seachas líon na bplaiceanna don 2 agus 3 sheas).
- 2.00 Rásaí curachaí canbháis sóisir. (faoi ocht mbliana déag). Duaiseanna: Corn + £60 + 3 phlaic, £30, £20, £15.

- 3.00 Rása curachaí canbháis sinsir. (fó-rásaí). Duaiseanna: Corn + £210 + 3 phlaic, £90 + 3 phlaic, £60 + 3 phlaic, £30 + 3 phlaic.
 - 5.00 Rása fear agus beirt bhan (fó-rásaí). Duaiseanna: Corn + £60 + 3 phlaic, £45, £30, £15.
 - 5.30 Rása craoibhe curachaí canbháis sinsir.
 - 6.00 Rása craoibhe fear agus beirt bhan.
- Ionad Caladh Thaidhg**
- 2.30 Geallta báid mhóra. Duaiseanna: Corn + £150 + 4 phlaic, £80 + 4 phlaic, £60 + 4 phlaic. £40 costaisí do chuile bhád a chríochnaíonn an cúrsa.
 - 2.30 Geallta leath-bháid. Duaiseanna: Corn + £100 + 4 phlaic, £50 + 4 phlaic, £30 + 4 phlaic. £30 costaisí do chuile bhád a chríochnaíonn an cúrsa.
 - 11.00 Damhsa agus bronnadh duaiseanna an lae.

Dé Luain 3ú Lúnasa. Ionad Páirc an Chathánaigh

- 1.00 Comórtas peile seachtar a taobh. Duaiseanna: Corn + plaiceanna do na buaiteoirí, plaiceanna do na caillteoirí.
- 3.00 Comórtas peile seachtar a taobh (mná). Duaiseanna: Corn + plaiceanna do na buaiteoirí, plaiceanna do na caillteoirí.
- 3.00 Comórtas tarraingt téide. Duaiseanna: Corn agus plaiceanna do na buaiteoirí, plaiceanna do na caillteoirí. Comórtas cic fhada. Duaiseanna: Plaiceanna do na buaiteoirí.
- 3.00 Comórtas caitheamh meáchain 56 pt. Duaiseanna: £20 + plaic, \$10 + plaic, plaic.
- 4.00 Comórtas caitheamh cruithe. Duaiseanna: Corn agus plaiceanna do na buaiteoirí, plaiceanna do na caillteoirí.
- 5.00 Cluiche peile: Inis Mór, Árainn v an Cheathrú Rua. Duaiseanna: Corn agus plaiceanna do na buaiteoirí, plaiceanna do na caillteoirí.
- 6.00 Cluiche craoibhe seachtar a taobh, fir agus cluiche craoibhe seachtar a taobh, mná.
- 11.00 Damhsa agus bronnadh duaiseanna an lae.

RÁSAÍ CURACHAÍ SOISIR (faoi 18)

Stáisiún 1, Curach 1: Inse Mhic Cionnaith:
Mícheál Ó Cualáin
Pádraic Mac Donncha
Mícheál Mac Donncha.

Stáisiún 2, Curach 2: Anach Mheáin:
Pádraic Ó Máille
Colmán Ó Lupáin
Réamonn Ó Maoildhia.

Stáisiún 3, Curach 3: An Cheathrú Rua I
Séamus Ó Cualáin
Pádraic Ó Flatharta
Máirtín Ó Gríofa.

Stáisiún 4, Curach 4. An Spidéal
Turlach Mac Suibhne.
Máirtín Ó Briain.
Murchadh Ó Súilleabháin.

Foireann 5: Leitir Mealláin
Maiteas Bairéad
Máirtín Bairéad
Gerry Loftus.



Ag luchtáil an Mhaighdean Mhara le móin ag Caladh Thaidhg.

RÁSA ROGHA CURACH

1. Doire Fhearta:
Peadar Ó Flatharta
Antaine Ó Catháin
Tomás Ó Catháin

2. Anach Mheáin:
Mícheál Ó Fatharta
Mícheál Ó Lupáin
Pádraig Ó Súilleabháin.

3. An Cheathrú Rua:
Mícheál Ó Cualáin
Colm Ó Cualáin
Pádraic Ó Cualáin

4. Inis Mhic Cionnaith:
Máirtín Ó Catháin
Mícheál Ó Cualáin
Pádraig Ó Cualáin

NÓTA: Tá an uimhir ag freagairt do uimhir an stáisiúin agus uimhir na curai.

RÁSA CURACHAÍ SINSIR

Fó-rása I
1. Uachtar Ard:
Walter De Buitléar
Máirtín De Buitléar
Pádraig Ó Maoildhia

2. Leitir Móir:
Séamus Ó Cuinn
Seán Ó Cuinn
Máirtín Ó Cuinn

Fó-Rása II
1. Inis Mhic Cionnaith
Pádraic Ó Cualáin
Pádraic Ó Gabháin
Colm Ó Gabhnáin

2. Leitir Mealláin
Mícheál Ó Cualáin
Seán Ó Laoi
Tomás Ó Conaire

3. Anach Mheáin:
Mícheál Ó Fatharta
Mícheál Ó Lupáin
Pádraig Ó Súilleabháin

4. An Cheathrú Rua I:
Mícheál Ó Cualáin
Colm Ó Cualáin
Pádraig Ó Cualáin

3. Doire Fhearta:
Peadar Ó Flatharta
Antaine Ó Catháin
Tomás Ó Catháin

4. Inse Ghaineamh:
Pádraig Seoighe
Liam Seoighe
Mícheál Seoighe

RÁSA CURACHAÍ FEAR AGUS BEIRT BHAN

Fó-rása I
1. Inse Mhic Cionnaith:
Pádraig Ó Cualáin
Brid Ní Chualáin
Máire Seoighe.

2. Inse Ghaineamh:
Pádraig Seoighe
Máire Bn. Uí Chonghaile
Máire Ní Iarnáin

3. Inis Mhic Cionnaith II:
Cóilín Mac Donncha
Brid Bn. Uí Dhonncha
Máire Bn. Uí Fhlatharta.

4. An Cheathrú Rua I:
Pádraig Ó Cualáin
Sorcha Bn. Uí Chonghaile
Bairbre Bn. Uí Shuilleabháin

Fó-rása II
1. Anach Mheáin:
Pádraig Ó Súilleabháin
Cáit Bn. Uí Shuilleabháin
Máire Ní Chualáin

2. Inis Treabhair:
Seosamh Ó Maoildhia
Treasa Ní Mhaoildhia
Rós Ní Mhaoildhia

3. Na Minna:
Séamus Ó Cuinn
Máirín Bn. Uí Chuinn
duine eile

4. An Cheathrú Rua II:
Pádraig Ó Gabháin
Áine Ní Laoi
Peigín Ní Dhonncha.



Comharchumann
Chois Fharraigne
Teo.



Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teileafón: (091) 73125 / 73157 / 73149

Seirbhísí Ilchineálacha don Ghaeilge agus don Ghaeltacht!

CLÓDÓIRÍ LURGAN:

Seirbhís chuimsitheach clódóireachta.

CLÓ CHOIS FHARRAIGE:

Foilsitheoireacht Téacsleabhar agus Gnáthleabhar Gaeilge.

COMHAR LURGAN:


Stáiseanóireacht agus Fearais Oifige. Troscán oifige. Clóscríobháin.

SCEIMEANNA UISCE agus SEIRBHÍS CHONRAITHEOIREACHTA

SIOPA AN PHOBAIL:

Ollmhargadh agus Seirbhís Pheitрил

Guímid gach rath ar Fhéile an Dóilín!



"An Mhaighdean Mhara", bád Johnny Jimmy Mac Donncha, Cuileán, An Cheathrú Rua faoi lán trí seoil. (Pictiúir: Dick Scott)



Michael Pheaidí Ó Cualáin, ar chúl, agus Tom Wallace, go ndéana Dia grásta air, as Pointe, An Cheathrú Rua, ag gliomadóireacht. (Pictiúir: Éamonn De Buitléar)



Fáilte agus Buiochas d'ár gCuistiméirí

ag

TÍ MHAITÍN

Orla agus Billy

Super Siopa

an margadh is fearr fós



Nuachtóirí Grosaeraí Feiríní

Oifig an phoist

Bureau de Change

Fón (091) 75127

BÁID AGUS BÁDÓIRÍ NA CUIMHNE

In Inis Mór chuir tú eolas ar mhóin i bhfad sar a bhfaca tú an portach as a dtáinig sí. An leacoighre, a sciúr na creaga loma, a chroch leithi pé cineál bogaigh a bhí os a gcionn; nó feictear anois dom gurb é sin a d'fhoghlaim mé ar scoil. Ba í céibh Chill Rónáin an spota ba choimhthigh ar an oileán. Ba ann a thosaigh an bóthar goirt go gealchathair agus chuig na críocha b'fhaide ó bhaile. B'ann, freisin, a tháinig iomlán an fháltais i dtír: an *Dún Aengus* ("weather and other circumstances permitting") as Gaillimh; báid pléisiúir sa Samhradh; báid iascaigh as an mBreatain, an Spáinn agus as an mBriotáin; bád guail as Oileán Manainn, go bliantúil . . . agus na báid mhóna go féiltiúil, ó Earrach (cé aige a bhfuil cuimhne ar sheanmhóin anois?) go deireadh an Fhómhair.


Cé mhéad den tsaol áirithe sin a fhanann i mo chuimhne anois? Níos mó ná mar a mheas mé nuair a hiarradh orm rud éigin a scríobh don leabhrán seo. Bhreac mé síos na hainmneacha is tuisce a tháinig isteach i mo cheann: Tom Bottle, Peadar Báille, Joe Pháid, Maitias Tom, Pádraic Phatchín Ó Briain, Jimmy an Oileáin, Pádraic Ghriallais, na Gasúir, Peadar Choilm Mhóir, Seoigheach Sná Bó, Mártan Phádraicín, Jimmy Phatchín John, na Brianaigh, an Gríofach, Mártan Phádraic Mhíchíl . . .

Ní fhéadaim cumraíocht a chur ach ar chuid acu mar nach raibh in aon am iontu ach ainmneacha. Feicim an chéibh níos soiléire, na báid le punt a chéile ag fanacht le taoille agus ag fanacht le custaiméirí agus chomh maith le scór carr capaill ag tarraingt mhóna den chéibh féin. Deireann lucht eolais gur faide a mhaireann cuimhní áirithe sna polláirí ná san inchinn. I mo chás féin maireann boladh na móna agus boladh na mbáid féin chomh maith le boladh na seolta agus boladh an deataigh a thagadh aníos chugainn as an gcábán beag tosaigh. Bhí boladh áirithe ar bháiníní na mbádóirí freisin, go háirithe nuair a thagadh an bádóir isteach sa teach as an mbáisteach agus nuair a shuíodh cois tine.

Ba mhaith liom a bheith in ann a thabhairt chun cuimhne cé acu a tháinig chuig an doras, oíche fhliuch fómhair i lár an chogaidh, mar gur chuala sé i gCill Rónáin (bhí muide in ár gcónaí in, Eochail san am) go raibh an raidio s'againn ag obair agus go bhféadfadh sé Lord Haw Haw a chloisteáil. Is ait liom anois an triúr againn inár suí i gclapsholas na cuimhne; mise, m'athair agus an bádóir nach eol dom cérbh é, ag éisteacht le Béarla snasta William Joyce le cabhair cadhnra a tháinig ó chaptaen tráiléir Breataineach agus gan aon fhocal Béarla dá labhairt ach a dtáinig as an raidio . . . as an nGearmáin!

"Cuma sa diabhal an fíor bréagach é ach is diabhaláí breá an cainteoir é." B'shin é breith an bhádóra agus chuid de cheann de rúndiamhara neamhfhúscailte m'óige.

Ní raibh compás ar bord acu ná aon chineál gléas nua-aoiseach: ná aon



An Tonaí lena seolta crochta agus an American Mór ar dheis ag cur an gheimhreadh thart i gCasla 1961. (Pictiúr Dick Scott).



Dá ndéarfai leat, deich mbliana ó shoin go bhféadfá ocht gcinn de bhád seoil a thógáil in aon phictiúr amháin i gCuan an Fhír Mhóir i 1980 an gcreidfeá é?

ghléas a bhí nua-aoiseach nuair a bhí a gcuid easnach dá bhfeistiú. Cé's móide d'fheistean an bháid, idir rópaí agus seolta, ní cuimhneach liom anois ach griféad, galún taoscaigh, balast cloch, crúca báid agus maidí. Cheapfá an uair úd nach bhféadfá an cuan a shamhlú dá n-uireasa. Chonaic mé os cionn dhá scór acu, idir bheag, mór agus meánach, ag déanamh isteach ar an oileán Lá Fhéil Pheadair agus Pól na bliana 1940. Bhí an teach s'againne ar ard agus gan gloine ar bith ba léar dúinn, ach feiceáil áirithe a bheith ann, na báid ag teacht trí Dhroichead Bhéal an Daingean.

Ach is faide a mhaireann na báid féin ná an treabh áirithe a sheol iad agus iad i mbun gnótha. Cúig bhliana déag ó shin casadh seanfhear íontach as Sráid na nIascairí, i gCondae an Chláir, orm. Cainteoir Gaeilge den scoth agus bhí sé d'ádh orainn a chumraíocht agus a chuid cainte a chur ar scannán. Nuair a bhí sin déanta chuaigh mé féin agus é féin ag ól tí Gussie O'Connor. Tadhg Ó Seannáin – Timmie Shannon – a bhí air agus shiúil sé Conamara agus Árainn, ina óige, ag ceannach muca. Ba uaidh a chuala mé an scéal is íontaí ar fad faoi bhádóirí.

I gCill Éinde a tharla sé, maidin tar éis tórramh ag a raibh Timmie agus an bheirt a thug isteach as Caladh Thaidhg é, i láthair. Bhí poitín ann agus go leor ach bhí leigheas na póite ar bord: pota fataí nua agus ocht gcinn déag de ronnachaí a mharaíodar ar an mbealach isteach an tráthnóna roimhe sin.

Má b'fhíor do Timmie é níor ith sé féin ach trí ronnach agus trí nó ceathair d'fhataí ach nuair a bhí an bricfeasta rí-speisialta seo críochnaithe, dúirt sé go dtabharfadh gasúr láidir a raibh fágtha de chonamar leis idir a dhá bhas.

Is cuma cé mar rachfaidh an lá inniu díbh cheapfainn nach mbeidh gá le leigheas chomh ríphurgóideach sin ag éinne agaibh ar maidin amárach!

Breandán Ó hEithir

Taisteal ar do chompóirt le

Taisteal Chonamara Teo.

Taisteal Chonamara
Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 73147



Raidió na Gaeltachta

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe. Telefón: 091-62161/62162 Teilics 28315

Seirbhís Beo Bríomhar
SEACHT LÁ NA SEACHTAINE
Maidin agus Tráthnóna
LE

NUAHT,
EOLAS,
CEOL,
CAINT,
AGUS
SPÓRT

IS FIÚ A BHEITH AG ÉISTEACHT GACH LÁ
ón 11.00 go dtí 1.30 i.n. agus ó 5.30 go dtí 8.30 i.n.
AR NA MEÁNTONNTA NÓ AR VHF

RÉALT NA MAIDNE

An Cheathrú Rua



Fón: (091) 75193



ROGHA AGUS TOGHA GACH DIGH



TEACH MÓR SEISIÚIN



Gach deá ghuí don Fhéile

ó
COLM agus ANNA

TIGH AN TAILLIÚRA

Tae, Caife, Pub Grub

AN CHEATHRÚ RUA

Fón: (091) 73135

Cógaslann

Agata bn Uí Mhistéil


an Cheathrú Rua



Fón: 75168



Go n-éirí leis an bhFéile



Tomás Ó Catháin, Antaine Ó Catháin agus Peadar Ó Flatharta, Doir Fhearta, An Cheathrú Rua a bhuaigh -crabhb curachai sinsir ag Féile an Dóilín, anuraidh.